

AIFREANN NA GEINE I NDOIRE BÓ RIADHTA

Fear de Sheoigheach a bhí i Muigh Ros fadó, aimsir Chromaill, oidhche Nodlag. Ní mórán achair a bhí sé inn chodladh nuair a thosaigh sé ag druimleoidí agus sé an druimleoid a bhí aige go raibh aifreann na geine le léigheadh isteach i nDoire Bó Riadhta ar maidin. Déirigh sé agus chuir sé air agus shiubhail sé leis go ndeachaidh sé go Doire Bó Riadhta agus nuair a shiubhail sé nuair a shiubhail sé isteach sa teach bhí an táifreann tosuighthe dá léigheadh roimhe. Nuair a bhí an tAifreann thart agus gur iompuigh an sagart thart ag dul ag cainnt leis na daoine, D,airigh sé an fear seo stráinsfárach, agus dubhairt sé leis gan corruighe as an teach go labhrúigheadh sé féin cúpla focal cainte leis. Nuair a bhí sé réidh leis an aifreann tháinig sé go dtí é “Cé dubhairt leat go mbeadh an tAifreann annseo” adeir sé. “Ag drimleoidí a bhí mé agus ba mhaith liom an tAifreann éisteacht. Is fadó an lá nár éist mé an tAifreann” “Ná géill do na driomleoidí níos mó,” adeir an sagart. “Bíodar níos dhóchaidí tú a chuir ar bhealach do leasa an turas seo ná tú a chur i mbealach t’aimhleir an chéad uair eile.

(*Sgéal eile an méad seo*) Tháinig sé abhaile annsin sgathamh tar éis theacht abhaile dubhairt sé lá go gcaithfeadh sé dhul go dtí an Clocháin. D’imthigh sé ar maidin nuair a cheap se go raibh ina lá. D’imthigh se treasna an Chnuic Bhuidhe. Sul má tháinig sé chomh fada leis an gcnoc Buidhe bhí abhainn roimhe abhainn as loch buaile, abhainn an mhuilinn. Bhí an casán dúnta ar an abhainn. Nuair a tháinig sé ar an gcéim chonnaic sé an fear mór ar an gcasán an taobh thall den abhainn. Dubhairt se dá bhfilleadh se go marbhócadh an fear mór é. Chuaidh sé treasna ar aghaidh de rith reaite agus thug sé an sgian sa mbolg do’n fhear mór. D’fága sé an sgian ann. Thuit an fear mór anuas. D’Imthigh sé leis nuair a bhí sé ag teacht amach ar an mbóthar ní raibh sé ina lá d’airigh sé an capall chuige aníor agus nuair a tháinig an capall suas leis ní raibh ach trí cosa air. Bhí marcach ar an gcapall. Labhair an marcach leis. Is maith an fear thú, adeir sé, “leag tú an fear mór,” Shiubhail siad le chéile go ndeachaidh siad ag crosbhóthar an Chaisil. “Anois,”adeir an marcach, adeir sé, “anois beidh tú sa gClochán sul má bhéas sé na lá agus breathnócha tú amach duit féin. Feifidh tú rud éicint eile fós. Má fheiceann tú aon mhúr gabhfaidh tú ar fasgadh ar an bpointe is a thifócas an múr téirigh ar fasgadh ná bí ag siubhal ina eadan. Is maith an sgathamh go mbeidh mise i gCaisléan na Circe,” adeir sé siubhail an Seoigheach siar leis agus nuair a bhí sé i lár coill Bhaile Na Hinse thosuigh an múr ní dhearna sé ach dhul taobh istigh den sconsa. Chonnaic sé cráin agus dhá cheann déag de bhainbh ina diaidh ag teacht aniar an bóthar agus a bhéal fhosgailte uilig. D’imigheadar thairis agus nuair a bhíodar imtighe agus an múr thart d’imthigh sé amach arís agus ní fhaca sé tada go ndeachas chun a Chlocháin. Nuair a rinne sé a ghuaire sa gClochán tháinig sé abhaile agus nuair a bhí se ag teacht ag an áit ar sháth sé an fear mór ní raibh ann ach glaé mhór glas mar bheadh síol froganna agus an

sgian istigh sa ngláé d'fág sé an sgian ann agus tháinig sé abhaile agus adbhar a chuid crúidhte aige le cur ar a chapall.